



# An Chomhpháirt Forfheidhmithe Beartais de WiFi4EU

## Treoir Cur Chun Feidhme v1.1

### Clár

1. Réamhrá.....	2
2. Tacaíocht brabhsálaí.....	2
3. Na sonraí a bhailítear.....	2
4. Réamhriachtanais suiteála.....	2
5. Suiteáil an bhlúirín.....	3
5.1 An blúirín ar leathanach na tairsí san áireamh.....	3
5.2 An t-aitheantóir gréasáin a shonrú.....	3
5.3 Teanga na tairsí a shonrú.....	3
5.4 Sampla den bhlúirín agus luachanna samplacha curtha isteach ann.....	5
5.5 Amharc-aithne WiFi4EU a shuiteáil.....	5
5.6 Méid agus suíomh amharc-aithne WiFi4EU a shocrú.....	5
5.7 Bábhún.....	5
6. An mód féintástála.....	6
6.1 An mód féintástála a ghníomhachtú.....	6
6.2 Bailíochtú shuiteáil an bhlúirín.....	7
6.3 Bailíochtú amharc-aithne.....	7
6.4 An mód féintástála a dhíghníomhachtú.....	8
7. Fabhtcheartú.....	9

# 1. Réamhrá

Ba cheart gach líonra suiteála WiFi atá rannpháirteach sa tionscnamh WiFi4EU a bheith i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa Chomhaontú Deontais agus sna hiarscríbhinní is infheidhme. Ciallaíonn sé sin gur cheart na líonraí WiFi a bheith i gcomhréir le ceanglais áirithe maidir le hamharc-aithne an Aontais Eorpaigh, agus maidir le húsáid agus cáilíocht an líonra. Chuige sin, tá “Comhpháirt Forfheidhmithe Beartais”, ar a dtugtar an “blúirín” freisin, á cur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach lena fhíorú go bhfuil na líonraí rannpháirteacha i gcomhréir leis na coinníollacha.

Is é atá sa bhlúirín píosa de chód JavaScript is gá a chomhtháthú i leathanach tairsí deimhniúcháin an líonra rannpháirtigh. Leis an mblúirín, fíoraítear an bhfuil an tairseach dheimhniúcháin i gcomhréir leis na ceanglais amharc-aithne, comhairtear líon na n-úsáideoirí agus tomhaistear luas an naisc agus an t-aga folaigh. Bailíonn an Coimisiún Eorpach na sonraí sin chun monatóireacht a dhéanamh ar staid oibríochtúil agus ar úsáid na suiteála WiFi. Fágann sé sin gur gá oibriú an líonra a bheith bailíochtaithe sula n-íoctar an dearbhán agus gur féidir an dearbhán a aisghabháil i gcás nach bhfuil an líonra i gcomhréir leis na coinníollacha.

Chun a fhíorú go bhfuil tairseach dheimhniúcháin i gcomhréir leis na coinníollacha, is féidir an blúirín a úsáid sa mhód “féintástáil” chun aiseolas mionsonraithe a fháil maidir le bailíochtú na tairsí agus bailíochtú shuiteáil an bhlúirín. Ní bhailíonn an Coimisiún Eorpach sonraí na féintástála.

## 2. Tacaíocht brabhsálaí

In Vanilla Javascript glan atá an blúirín scríofa agus oibríonn sé ar gach brabhsálaí gréasáin comhaimseartha a úsáidtear go forleathan.

## 3. Na sonraí a bhailítear

Seo a leanas na sonraí a bhailíonn an blúirín:

- Aitheantóir an líonra
- An mhéadracht maidir le ham lódála an leathanaigh
- Bailíochtú shuiteáil an bhlúirín
- Torthaí bailíochtaithe na tairsí
- Tástáil mhéadrachta an líonra (uair amháin gach n lódáil leathanaigh)

Ní bhailíonn an blúirín sonraí pearsanta d’aon chineál ó úsáideoirí, mar shampla aitheantais úsáideora, pasfhocail ná seoltaí IP.

## 4. Réamhriachtanais suiteála

Chun an blúirín a shocrú i gceart, tá gá le roinnt eolais atá le fáil ar an tairseach WiFi4EU do sholáthróirí – Tuarascáil Suiteála do gach suiteáil líonra WiFi4EU:

- aitheantóir uathúil (UUID) an líonra WiFi4EU: an t-aitheantóir uathúil (UUID) a thug an Coimisiún Eorpach do shuiteáil an líonra WiFi4EU sin. Gineadh an t-aitheantóir uathúil nuair a cruthaíodh suiteáil an líonra sa Tuarascáil Suiteála agus ní féidir é a athrú.
- Seoladh/Raon IP: an seoladh poiblí IP nó raon an tseolta IP óna seolfaidh an blúirín na sonraí monatóireachta chuig an gCoimisiún Eorpach. Beidh an seoladh/raon sin geal-

liostaithe i mballa dóiteáin an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh bailiú sonraí ionas go gcuirfear bac ar chumarsáid ó fhoinsí anaithnide.

- Ainm na tairsí deimhniúcháin: an t-aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne (URL) atá ag leathanach na tairsí deimhniúcháin ar a ndéanfar an blúirín a chomhtháthú. Fíoróidh an Coimisiúin Eorpach an bhfuil an leathanach sin i gcomhréir le ceanglais WiFi4EU.

## 5. Suiteáil an bhlúirín

### 5.1 An blúirín ar leathanach na tairsí san áireamh

Ní mór a leathanach tairsí deimhniúcháin féin a bheith ag gach suiteáil líonra WiFi4EU atá tuairiscithe sa Tuarascáil Suiteála. Ba cheart an cód seo a leanas a chur ar bharr na clibe `<head>` ar an leathanach tairsí sin:

```
<script type="text/javascript">
    var wifi4euTimerStart = Date.now();
    var wifi4euNetworkIdentifier = 'NETWORK_IDENTIFIER';
    var wifi4euLanguage = 'PORTAL_LANGUAGE';
</script>
<script type="text/javascript" src="https://collection.wifi4eu.ec.europa.eu/wifi4eu.min.js"></script>
```

Ní mór an cód a chur ag barr na clibe `<head>` d'fhonn an mhéadracht cheart a bhailiú. Ní mór na luachanna cearta a chur in ionad na n-ionadchoinneálaithe le haghaidh na n-athróg, mar a mhínítear sna míreanna seo a leanas.

### 5.2 An t-aitheantóir gréasáin a shonrú

Ní mór aitheantóir gréasáin a chur ar fáil mar athróg sa `<head>` den leathanach tairsí agus a chur in ionad an ionadchoinneálaí 'NETWORK\_IDENTIFIER'. An `wifi4euNetworkIdentifier` a chuirtear ar fáil, ba cheart é a bheith ina theagrán agus ba cheart é a bheith ag teacht le haitheantóir uathúil (UUID) na suiteála líonra WiFi4EU, mar atá luaite sa Tuarascáil Suiteála.

Sampla: `var wifi4euNetworkIdentifier = '123e4567-e89b-12d3-a456-426655440000';`

### 5.3 Teanga na tairsí a shonrú

Ba cheart an cód teanga ceart (an teanga ina gcuirfear ábhar an leathanaigh tairsí ar fáil) a chur isteach san ionadchoinneálaí 'PORTAL\_LANGUAGE'. Ba cheart ceann amháin de na 24 chód teanga réamhshainithe <sup>(1)</sup> a úsáid don chód teanga sin:

Teanga	Cód	Teanga	Cód	Teanga	Cód	Teanga	Cód
Bulgáiris	bg	Eastóinis	et	Gaeilge	ga	Portaingéilis	pt
Cróitis	hr	Fionlainnis	fi	Iodáilis	it	Rómáinis	ro
Seicis	cs	Fraincis	fr	Laitvis	lv	Slóvaicis	sk
Danmhairgis	da	Gearmáinis	de	Liotuáinis	lt	Slóivéinis	sl
Ollainnis	nl	Gréigis	el	Máltais	mt	Spáinnis	es
Béarla	en	Ungáiris	hu	Polainnis	pl	Sualainnis	sv

<sup>(1)</sup> An cód teanga atá sa [Treoir Stíle Idirinstitiúideach](#) oifigiúil

Sampla: `var wifi4euLanguage = 'en';` nuair i mBéarla atá ábhar an leathanaigh tairsí.

## 5.4 Sampla den bhlúirín agus luachanna samplacha curtha isteach ann

Is sampla é seo den bhlúirín agus luachanna samplacha curtha isteach le haghaidh na n-ionadchoinneálaithe 'NETWORK\_IDENTIFIER' agus 'PORTAL\_LANGUAGE':

```
<script type="text/javascript">
    var wifi4euTimerStart = Date.now();
    var wifi4euNetworkIdentifier = '123e4567-e89b-12d3-a456-426655440000';
    var wifi4euLanguage = 'en';
</script>
<script type="text/javascript" src="https://collection.wifi4eu.ec.europa.eu/wifi4eu.min.js"></script>
```

## 5.5 Amharc-aithne WiFi4EU a shuiteáil

Chun ceanglais WiFi4EU a chomhlíonadh, ba cheart an t-ionadchoinneálaí sonracha a úsáidfidh an blúirín chun íomhá amharc-aithne a chur isteach, ba cheart an t-ionadchoinneálaí sin a bheith ar an leathanach tairsí. Lódálfaidh an blúirín an amharc-aithne cheart de réir na teanga atá sainithe leis an bparaiméadar `wifi4euLanguage`.

Maidir leis an ionadchoinneálaí amharc-aithne, ba cheart:

- `wifi4eubanner` a bheith mar 'HTML id' don eilimint `img` ann
- Na toisí bunaidh leithid agus airde a bheith aige
- Gan eilimint eile a bheith ag forluí air
- É a bheith infheicthe
- É a bheith san amharcphort ar lódáil don leathanach
- Gan aon teimhneacht a bheith curtha i bhfeidhm air

Cuir an cód seo a leanas isteach in HTML do leathanaigh tairsí d'fhonn an amharc-aithne a shuiteáil: `<img id="wifi4eubanner">`

## 5.6 Méid agus suíomh amharc-aithne WiFi4EU a shocrú

Chun ceanglais WiFi4EU a chomhlíonadh, ba cheart an amharc-aithne a bheith infheicthe i gcónaí ar lódáil don leathanach. Maidir le méid na hamharc-aithne, ba cheart cloí leis an gcóimheas treoíochta bunaidh. Bíonn riachtanais éagsúla amharc-aithne ann do thoisí éagsúla amharcphoirt:

- I gcás amharcphoirt atá níos lú ná 600px ar leithead: ba cheart ar a laghad 90% de leithead an amharcphoirt a bheith faoin amharc-aithne
- I gcás amharcphoirt atá 600px ar leithead nó níos mó: ba cheart ar a laghad 50% de leithead an amharcphoirt a bheith faoin amharc-aithne

Ba cheart CSS a úsáid chun méid agus suíomh an ionadchoinneálaí amharc-aithne a shocrú.

## 5.7 Bábhún

Is é atá i mbábhún acmhainní gréasáin a bhfuil rochtain ag úsáideoir orthu sula mbíonn an t-úsáideoir sin fíordheimhnithe. Chun go bhfeidhmeoidh an blúirín i gceart, ba cheart na seoltaí seo a leanas a gheallíostú sa bhábhún:

<https://collection.wifi4eu.ec.europa.eu>

<https://wifi4eucollectorprod.azurewebsites.net/api/PortalCollector>

Ní mór sin a chumrú ar an bhfreastalaí rochtana líonra (NAS) lena soláthraítear feidhmiúlacht an bhail the.

## 6. An mód féintástála

### 6.1 An mód féintástála a ghníomhachtú

Is féidir le soláthraí WiFi4EU mód féintástála an bhlúirín a chumasú chun a thástáil an bhfuil an blúirín suiteáilte i gceart agus an bhfuil an tairseach i gcomhréir leis na coinníollacha. Nuair a bhíonn an mód féintástála ar obair:

- Ní chuirtear sonraí chuig an gCoimisiún Eorpach
- Ní ríomhtar aon mhéadracht
- Taispeántar na torthaí i gconsól forbróra an bhrabhsálaí
- Taispeántar rabhadh amhairc ar an leathanach tairsí ag rá gur sa mhód féintástála atá an blúirín

Mar aon leis an aitheantóir líonra agus na hathróa teanga, ba cheart an athróg `var selftestModus = true;` a chur leis an leathanach tairsí.

Sampla den bhlúirín sa mhód féintástála a shuiteáil:

```
<script type="text/javascript">
    var wifi4euTimerStart = Date.now();
    var wifi4euNetworkIdentifier = '123e4567-e89b-12d3-a456-426655440000';
    var wifi4euLanguage = 'en';
    var selftestModus = true;
</script>
<script type="text/javascript" src="https://collection.wifi4eu.ec.europa.eu/wifi4eu.min.js"></script>
```

Sampla den chonsól forbróra nuair atá an blúirín sa mhód féintástála:

```
----- Policy Enforcement Component selftest modus activated -----  
-----  
---- Validating snippet installation ----  
---- Snippet timer correctly installed. ----  
---- Snippet language correctly installed. ----  
---- Snippet networkIdentifier is correctly installed ----  
---- Validating snippet installation end ----  
-----  
---- Validating portal compliance ----  
---- Validating WiFi4EU logo ----  
---- Viewport larger than 600px detected, make sure to repeat this test in a smaller viewport ----  
srcCheck: true  
existsCheck: true  
typeCheck: true  
aspectRatioCheck: true  
widthToViewportCheck: false  
opacityCheck: true  
visibilityCheck: true  
overlapCheck: true  
completelyInViewPortAfterLoadingCheck: true  
---- => Logo requirements check FAILED => non-compliant portal. ----  
---- Validating WiFi4EU Text ----  
contentCheck: true  
existsCheck: true  
typeCheck: true  
visibilityCheck: true  
overlapCheck: true  
---- Validating portal compliance end ----  
-----  
---- Summary ----  
---- The Policy Enforcement Component is correctly installed. ----  
---- The portal is NON-compliant with WiFi4EU regulations. ----  
-----
```

## 6.2 Bailíochtú shuiteáil an bhluírín

Déantar na bailíochtuithe seo a leanas chun a fhíorú an bhfuil an blúirín suiteáilte i gceart:

- An dtúsaítear an athróg `wifi4euTimerStart` sula lódáiltear an blúirín? Tá sé sin ríthábhachtach chun méadracht a bhailiú faoi phróiseas lódála an leathanaigh.
- An dtúsaítear an athróg `wifi4euLanguage` sula lódáiltear an blúirín agus an bhfuil an cód teanga atá sonraithe ag teacht le ceann de na 24 chód teanga réamhshainithe?
- An bhfuil an `wifi4euNetworkIdentifier` sonraithe i gceart? Úsáidfeadh sin chun an tsuiteáil líonra WiFi4EU a shainiú lena bhfuil na sonraí monatóireachta sin nasctha.

## 6.3 Bailíochtú amharc-aithne

Déantar roinnt bailíochtú lena fhíorú an bhfuil an amharc-aithne WiFi4EU taispeánta i gceart ar leathanach na tairsí deimhniúcháin. Is leis na focail ‘true’ nó ‘false’ a thaispeántar an toradh ar gach bailíochtú. Is é a chiallaíonn ‘true’ go raibh an bailíochtú rathúil.

Seo a leanas na paraiméadair a thugtar sa mhód féintástála maidir le bailíochtú na hamharc-aithne:

Paraiméadar	Úsáid
srcCheck	Roghnaigh ‘true’ má cuireadh an tréith ‘logo src’ isteach san ionadchoinneálaí go rathúil.
existsCheck	Roghnaigh ‘true’ má tá eilimint HTML ag a bhfuil an tréith ‘wifi4eubanner’ ar an leathanach.
typeCheck	Roghnaigh ‘true’ más de chineál ‘img’ an eilimint atá sainaitheanta le ‘wifi4eubanner’.

aspectRatioCheck	Roghnaigh 'true' má tá an cóimheas ceart leithid agus airde ag an eilimint atá sainaitheanta le 'wifi4eubanner'.
viewportWidthCheck	Roghnaigh 'true' má tá an cóimheas ceart leithid i gcoibhneas leis an amharcphort ag an eilimint atá sainaitheanta le 'wifi4eubanner'.
opacityCheck	Roghnaigh 'true' más ag 1 atá teimhneacht na heiliminte atá sainaitheanta le 'wifi4eubanner' socraithe.
visibilityCheck	Roghnaigh 'true' má tá an eilimint atá sainaitheanta le 'wifi4eubanner' infheicthe san amharcphort ar lódáil don leathanach.
overlapCheck	Roghnaigh 'true' mura bhfuil eilimint eile ag forluí ar an eilimint atá sainaitheanta le 'wifi4eubanner'.

## 6.4 An mód féintástála a dhíghníomhachtú

Is chun an tairseach a fhéinbhailíochtú, agus sin amháin, is ceart an mód féintástála a úsáid. Tar éis an fhéintástáil a chríochnú, ba cheart an socrú `var selftestModus = true;` a bhaint, ionas go mbeidh an blúirín sa ghnáthmhód oibriúcháin agus go gcuirfear na sonraí monatóireachta chuig an gCoimisiún Eorpach mar is ceart.



## 7. Fabhtcheartú

### **Fadhb a d'fhéadfadh a bheith ann:**

Tá an blúirín suiteáilte i gceart sa <head> ar an tairseach ach níl sé á lódáil. Is féidir sin a bhrath ach dul chuig an táb líonra in uirlis forbróra an bhrabhsálaí.

### **Réiteach:**

Féach an bhfuil an fearann ar a bhfuil an blúirín á óstáil ar fáil nuair nach bhfuil an t-úsáideoir logáilte isteach go fóill. Is féidir sin a dhéanamh ach an fearann a chur leis an ngeal-liosta nó leis an mbábhún. An áit a bhfuil an blúirín á óstáil, ba cheart rochtain a bheith air sin sula mbíonn an t-úsáideoir logáilte isteach agus sula mbíonn rochtain iomlán idirlín aige.

### **Fadhb a d'fhéadfadh a bheith ann:**

Tá an blúirín suiteáilte agus lódáilte i gceart ach tógann sé cuid mhór ama chun torthaí bhailíochtú na féintástála a thaispeáint nó chun torthaí an bhailíochtaithe a sheoladh.

### **Réiteach:**

Bain den suíomh gréasáin gach sócmhainn atá á lódáil go mall. An teagmhas `window.onload` a gcuireann an brabhsálaí tús leis nuair a bhíonn gach sócmhainn (íomhánna, comhaid etc.) ar dhoiciméad `HTML` na tairsí lódáilte, is é an teagmhas sin a ghníomhachtaíonn an blúirín.

Má bhíonn fadhbanna agat le suiteáil nó le hoibríocht an bhlúirín, déan teagmháil le deasc chabhrach WiFi4EU, a bhfuil a sonraí teagmhála le fáil ar an tairseach WiFi4EU.